Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 1 Feabhra 2024
(OR. en)

5681/24
ADD 1
LIMITE
PV CONS 2
RELEX 81

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

22 Eanáir 2024

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

3. **Cúrsaí reatha**

   Phléigh an Chomhairle an staid san Airméin agus san Asarbaiseáin.

4. **Fogha na Rúise faoin Úcráin**
   *Seisiún tuairimíochta*

   Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir le freagairt an Aontais ar fhogha na Rúise faoin Úcráin.

5. **An staid sa Mheánoirthear**
   *Seisiún tuairimíochta*

   Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle.

6. **Aon ghnó eile**

   Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil, thar ceann na Beilge freisin, maidir leis an ngá atá le post Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Réigiún Mór-Lochanna na hAfraice a athbhunú (5577/24), an fhaisnéis a chuir Málta ar fáil maidir le tosaíochtaí a Cathaoirligh reatha ar ESCE le haghaidh 2024 (5549/24) agus an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil maidir le tábhacht straitéiseach na cobhsaíochta sna Balcáin Thiar (5433/24).

PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 5278/24**

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':** | **Conclúidí maidir le tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2024**<br>*Formheas* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'(Míreanna 11, 12, 17, 27, 28)

Mír 11, 12, 17

Is mór ag an Ungáir aontacht an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus tacaíonn sí le mionsaothrú chomhsheasaimh an Aontais maidir le cúrsaí idirnáisiúnta a bhaineann le cearta an duine, lena n-áirítear maidir leis na saincheisteanna a léirítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine 2024. Léirítear tiomantas na hUngáire ina leith sin leis an gcinneadh a rinneamar teacht leis an gcomhthoil maidir leis na Conclúidí thuasluaite ón gComhairle, ba mhaith linn a chur i bhfios go láidir, áfach, gur tháinig an Ungáir leis an gcomhthoil maidir le míreanna 11, 12 agus 17 ar mhaithe le haontacht an Aontais a chaomhnú, agus ar mhaithe leis sin amháin, agus go bhfuilimid den tuairim i gcónaí go bhfuil gnéithe de na míreanna sin nach bhfuil cothrom agus nach bhfreastalaíonn ar leasanna straitéiseacha an Aontais agus a Bhallstát. Dá bhrí sin, ní mheasann an Ungáir gur teanga chomhaontaithe iad na míreanna sin ná a ngnéithe sonracha don chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo.

Mír 27

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, tuigeann an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus tuigeann sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar thagairt do 'comhionannas idir fir agus mná'.

Mír 28

Ba léiriú suntasach comhthola é gur glacadh Clár Gníomhaíochta na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD) agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, arna ghlacadh ag an gCeathrú Comhdháil Dhomhanda ar Mhná. Thug siad tús áite do theachtadh na gceart daonna san fhorbairt, agus rinneadh dul chun cinn tábhachtach i réimsí na sláinte, an chomhionannais idir fir agus mná agus an oideachais ó glacadh iad. Tá na réimsí sin i gcroílár Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ina gcuimsítear mar phrionsabail bhunúsacha urramú uilíoch chearta an duine agus dínit an duine, an smacht reachta, an ceartas, an comhionannas agus an neamh-idirdhealú.

Leanann an Ungáir de bheith tiomanta dá cuid gealltanas i ndáil le cearta an duine, lena n-áirítear cosaint agus cur chun cinn cheart na mban agus an chomhionannais idir mná agus fir. Tá an Ungáir lántiomanta do chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta ICPD agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising chomh maith le Clár Oibre 2030, atá ag fónamh freisin mar thagairtí bunúsacha i réimsí na sláinte gnéis agus atáirgthe agus na gceart atáirgthe.

Tugann an Ungáir dá haire nach bhfuil sainmhíniú comhthoiliúil ar fáil don téarma 'sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo', ná do shaincheisteanna gaolmhara, amhail 'cearta gnéis', 'oideachas cuimsitheach gnéis', 'modhanna nua-aimseartha frithghiniúna' 'frithghiniúint éigeandála' ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear laistigh den Aontas Eorpach. Déanann an Ungáir na saincheisteanna sin a thuiscint agus a chur chun cinn i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030, Chlár Gníomhaíochta ICPD agus Dhearbhú agus Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta.'

PUBLIC